

Irish translation of Are you 16 or 17? Your guide to a second dose of COVID-19 vaccine.



Do threoir ar an dara dáileog den vacsaín COVID-19

An bhfuil tú 16 nó 17 mbliana d'aois?

Tá an tseirbhís sláinte anois ag tairiscint 2 dháileog den vacsaín COVID-19 do gach duine óg idir 16 agus 17 mbliana d'aois chun cabhrú le cosaint níos fadtéarmaí a thabhairt dóibh.

B'fhéidir go bhfuair tú an chéad dáileog den vacsaín COVID-19 le déanaí. Tá faisnéis sa bhileog seo a chabhróidh leat an cinneadh a dhéanamh faoin am ceart duit an dara dáileog a fháil.

Daoine óga is leochailí

Tairgeadh 2 dháileog vacsaín do na daoine óga sin atá i níos mó baol ó thinneas tromchúiseach má ghlacann siad COVID-19, tugtha 8 seachtaine óna chéile.

Tá an bhileog seo dírithe ar dhaoine óga a bhfuil 16 nó 17 mbliana d'aois nach meastar a bheith i níos mó baol.

Cé chomh maith agus atá an chosaint ón gcéad dáileog?

Tugann staidéir le fios go laghdaítear go mór an baol go dtarlóidh deacrachtaí tromchúiseacha ó ionfhabhtú COVID-19 fiú tar éis dáileog amháin den vacsaín. Meastar go mairfidh an chosaint seo ar feadh cúpla mí i measc daoine óga.

Tugann daoine a raibh ionfhabhtú COVID-19 orthu roimhe seo agus a fhaigheann dáileog amháin den vacsaín ansin, agus iad siúd a bhíonn ionfhabhtaithe tar éis an chéad dáileog, freagra imdhíonachta maith - ar a laghad chomh maith le daoine a raibh dhá dháileog orthu acu. Tugann sé seo le tuiscint go mbeidh leibhéil arda cosanta ag daoine óga a fhaigheann ionfhabhtú agus vacsaín.

Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an dara dáileog?

Cuidíonn an dara dáileog le cosaint a fheabhsú san fhadtéarma. Cuideoidh staidéir bhreise linn a fháil amach cá fhad a mhairfidh an chosaint.

An bhfuil aon fo-iarsmaí ón vacsaín Pfizer?

Is iad na fo-iarmhairtí coitianta ná:

- pian, troime agus soghortaitheacht sa lámh ina bhfuair tú d'instealladh. De ghnáth bíonn sé seo níos measa timpeall 1-2 lá i ndiaidh na vacsaíne
- tuirse
- tinneas cinn
- tinneas agus pianta ginearálta, nó siomptóim éadroma mar a bheadh fluí ort

Ní mhaireann na fo-iarsmaí seo ach cúpla lá ach tá siad níos coitianta tar éis an dara dáileog.

Fo-iarsmaí nach bhfuil chomh coitianta

Le gairid, tuairiscíodh cásanna athlasta croi (darbh ainm miócairdíteas nó peireacairdíteas) go hannamh i ndiaidh vacsaíní COVID-19.

Tharla formhór na gcásanna seo i measc fir óg agus de ghnáth cúpla lá i ndiaidh an dara vacsaín.

I measc na fo-iarmhairtí tá:

- pianta cliabhraigh
- giorra anála
- croí atá ag preabadh, ag léim nó ag réabadh

Ba cheart duit comhairle a lorg ó do dhochtúir nó ón Roinn Éigeandála ar bhonn práinne má tá aon cheann de na fo-iarmhairtí seo a leanas ort.

Tháinig biseach ar formhór na ndaoine sin agus mhothaigh siad i bhfad níos fearr tar éis dóibh a scíth a ligean agus cóir leighis simplí a fháil. Ina measc siúd a fhaigheann fo-iarsmaí tromchúiseacha, d'fhéadfadh go mbeadh líon níos lú fós ann a mbeidh roinnt éifeachtaí fadtéarmacha ann. Tá staidéir níos fadtéarmaí ar siúl.

Má bhí miócairdíteas nó pericarditis ort tar éis an chéad dáileog, ba cheart duit comhairle leighis a lorg sula bhfaighidh tú an dara dáileog den vacsaín.

Cathain a theastaíonn an dara dáileog uaim?

Dar leis an gcomhairle is déanaí ón gComhchoiste um Vacsaíniú agus Imdhíonadh (JCVI), ba chóir duit an dara dáileog a fháil 12 seachtain i ndiaidh do chéad dáileog. Má bhíonn bearna 12 seachtaine agat, féadfaidh sé an fad ama a mhairfidh do chosaint tar éis an dara dáileog a fhadú.

Mar réamhchúram, creideann an JCVI gur fhéadfadh bearna 8 go 12 seachtain riosca a laghdú do na fo-iarsmaí diana atá annamh, amhail miócairdíteas. Molann an JCVI freisin, má thagann ionfhabhtú COVID-19 ort, gur chóir duit fanacht 12 seachtain sula bhfuil

an chéad dáileog eile faighte agat. Má tá an chéad dáileog agat agus tagann ionfhabhtú ort, is dóchúil go mbeidh ardleibhéil cosanta agat cheana féin.

D'fhéadfadh na bearnaí sin a bheith laghdaithe go 8 seachtainí más dóigh linn go mbeidh cosaint an vacsaínithe nó ionfhabhtaithe roimhe seo laghdaithe, mar shampla le athraitheach nua.

Tuilleadh eolais

Ní mór duit bileog eolais an tairge a léamh le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi do vacsaín, na fo-iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann san áireamh ar an suíomh gréasáin Yellow Card. Is féidir fo-iarmhairtí amhrasta na vacsaíne agus leighis a thuairisciú trí scéime an Chárta Bhui.

Is féidir é seo a dhéanamh ar líne trí Coronavirus Yellow Card a chuardach nó tríd an aip Yellow Card a íoslódáil: coronavirus-yellowcard.mhra.gov.uk/productinformation



Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.nidirect.gov.uk/covid-vaccine

Eolas ceart ag dáta an fhoilsithe. Chun an leagan is deireanaí den bhileog seo agus formáidí malartacha, téigh chuig suíomh gréasáin na PHA www.publichealth.hscni.net

© Crown copyright 2021

D'fhorbair Gníomhaireacht um Slándála Sláinte na Ríocht Aontaithe (UKHSA) an fhaisnéis seo ar dtús agus úsáidtear í faoi Cheadúnas Rialtais Oscalaithe v3.0



Public Health Agency
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.
Tel: 0300 555 0114 (local rate).
www.publichealth.hscni.net

Find us on:

